2023/2652

28.11.2023

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/2652 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le mil, feoil, táirgí an-mhínphróiseáilte, capsúil gheilitín, táirgí iascaigh a theacht isteach san Aontas agus le ceanglais maidir le fianú príobháideach agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le fianú príobháideach le haghaidh táirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 77(1), pointe (k), agus Airteagal 126(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625 leagtar síos rialacha maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh ag údaráis inniúla na mBallstát, go háirithe chun a áirithiú maidir le coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí ó thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, go gcomhlíonann na coinsíneachtaí sin na ceanglais ábhartha a bhunaítear leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de, cé is moite de phointí (d), (e), (g) agus (h) den Airteagal sin, nó ceanglais a aithnítear a bheith coibhéiseach ar a laghad.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar Rialachán (AE) 2017/625 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe atá beartaithe lena gcaitheamh ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas.

(3) Ba cheart Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a bheith soiléir faoi cén mhil agus cén táirgí beachaireachta a thagann faoi raon feidhme na gceanglas maidir le mil agus táirgí beachaireachta a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe sin. Dá bhrí sin, is gá tagairt a dhéanamh don sainmhíniú atá ar fáil ar na táirgí sin i dTreoir 2001/110/CE ón gComhairle ([3]).

(4) Maidir le táirgí iascaigh ó ghabháil fhiáin, le fianaise ar chomhlíonadh na gceanglas breise a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 tugtar ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir le comhlíonadh reachtaíocht an Aontais i ndáil le sábháilteacht bia agus beatha. I gcás táirgí iascaigh ó ghabháil fhiáin, is é an t-éilliú ón gcomhshaol an phríomhghuais sábháilteachta bia atá ann. Le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 tugtar ráthaíochtaí maidir le comhlíonadh cheanglais an Aontais a bhaineann le héilliú ón gcomhshaol, go háirithe leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/915 ón

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1).

([3]) Treoir 2001/110/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le mil (IO L 10, 12.1.2002, lch. 47).

gCoimisiún ([4]). Thairis sin, ní mór do thríú tíortha rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí iascaigh ó ghabháil fhiáin a mhéid a bhaineann le hiarmhair agus le héilleáin i gcomhréir le hAirteagal 70 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún ([5]). Dá bhrí sin, is iomchuí táirgí iascaigh ó ghabháil fhiáin a dhíolmhú ó na ceanglais bhreise a leagtar síos in Airteagail 6 go 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292.

(5) Léirigh torthaí gníomhaíochta comhordaithe a rinne an tAontas le déanaí go bhfuil céatadán nach beag de mhil nó de tháirgí beachaireachta eile truaillmheasctha a allmhairíodh isteach san Aontas i láthair ar mhargadh an Aontais ([6]).

(6) Ionas go bhféadfar a áirithiú maidir le mil agus táirgí beachaireachta eile ó thríú tíortha, ar táirgí iad atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus a bheartaítear a chur ar mhargadh an Aontais, go gcomhlíonfaidh na táirgí sin na rialacha maidir le bia, sábháilteacht bia, sláine agus folláine ag gach céim den táirgeadh, den phróiseáil agus den dáileadh bia, lena n-áirítear rialacha atá dírithe ar chleachtais chóra trádála agus ar leasanna tomhaltóirí agus an fhaisnéis a chosaint dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/625, is gá rialuithe oifigiúla ar na táirgí sin a threisiú.

(7) Le hAirteagal 65(4) de Rialachán (AE) 2017/625 ceanglaítear ar údaráis inniúla na mBallstát na rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí a threisiú i gcás ina bhfuil cúis amhrais acu go bhfuil cleachtais chalaoiseacha nó cleachtais mheabhlacha i gceist. Le hAirteagal 65(5) den Rialachán sin ceanglaítear ar na húdaráis inniúla sin fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir lena gcinneadh na rialuithe oifigiúla sin a threisiú. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873 ón gCoimisiún ([7]) leagtar síos rialacha maidir le nósanna imeachta ag poist rialaithe teorann chun go ndéanfaidh na húdaráis inniúla na rialuithe oifigiúla treisithe ar bhealach comhordaithe ar tháirgí áirithe atá ag teacht isteach san Aontas lena gcur ar an margadh, chun go n-áiritheofar cur chuige comhchuibhithe maidir leis na rialuithe oifigiúla treisithe sin a bheith déanta ar bhealach comhchuibhithe. Le hAirteagal 3(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin ceanglaítear ar na húdaráis inniúla, an tráth a thugann siad fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir lena gcinneadh rialuithe oifigiúla a threisiú, an bhunaíocht tionscnaimh a shonrú, ar bunaíocht í atá le bheith le feiceáil ar liosta arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointí (e)(ii) agus (iii), de Rialachán (AE) 2017/625. Níl a leithéid de liosta ann de bhunaíochtaí tríú tíortha a tháirgeann mil nó táirgí beachaireachta eile atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine. Dá bhrí sin, is gá liosta den sórt sin a bhunú.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, maidir le coinsíneachtaí d'fheoil úr, d'fheoil mhionaithe, d'ullmhóidí feola, d'fheoil díchnámhaithe go meicniúil agus de tháirgí feola agus d'amhábhair atá beartaithe chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, níl na coinsíneachtaí sin le teacht isteach san Aontas ach amháin má rinneadh iad as amhábhair a fuarthas i seamlais, i mbunaíochtaí láimhseála géim, in ionaid spólta agus i mbunaíochtaí a láimhseálann táirgí iascaigh i dtríú tíortha arna bhformheas agus arna liostú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292. Ba cheart cead a bheith ag táirgí de bhunadh ainmhíoch den sórt sin teacht isteach san Aontas freisin i gcás ina ndíorthaítear iad ó amhábhair a fuarthas sna Ballstáit ós rud é go gcomhlíonann na hamhábhair sin na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais freisin. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a leasú dá réir sin.

([4]) Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

([6]) An Coimisiún Eorpach, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, Ždiniaková, T., Lörchner, C., De Rudder, O.et al., *Gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais Eorpaigh chun stop a chur le cleachtais chalaoiseacha áirithe in earnáil na meala – torthaí tástála anailíseacha na meala allmhairithe*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023: https://data.europa.eu/doi/10.2760/184511 agus an Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Sláinte agus na Sábháilteachta Bia, *Gníomhaíocht Chomhordaithe an Aontais Eorpaigh ó na coirceoga, sampláil, imscrúduithe agus torthaí*: https://food.ec.europa.eu/system/files/2023-03/official-controls_food-fraud_2021-2_honey_report_euca.pdf

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2019 maidir leis na nósanna imeachta ag poist rialaithe teorann chun go ndéanfaidh na húdaráis inniúla rialuithe oifigiúla treisithe ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch, táirgí geirmeacha, seachtháirgí ainmhithe agus táirgí ilchodacha ar bhealach comhordaithe (IO L 289, 8.11.2019, lch. 50).

(9) I gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, ní cheadófar coinsíneachtaí táirgí áirithe atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine teacht isteach san Aontas ach amháin i gcás ina bhfuil deimhniú oifigiúil ag gabháil leo. Ba cheart a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag an gceanglas sin maidir le bia-ainmhithe freisin. Ina theannta sin, le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin foráiltear nach dtiocfaidh coinsíneachtaí táirgí áirithe isteach san Aontas ach amháin i gcás ina bhfuil deimhniú oifigiúil ag gabháil leis an gcoinsíneacht, ach amháin i gcás coinsíneachtaí nach é an tAontas an ceann scríbe deiridh dóibh. Mar sin féin, ainmhithe agus earraí atá beartaithe lena gcaitheamh ag an duine ach atá ar idirthuras tríd an Aontas amháin, eisiatar iad ó raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292. Ba cheart Airteagal 21(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a leasú tríd an tagairt ina luaitear nach é an tAontas a cheann scríbe deiridh a scriosadh, ar mhaithe le comhsheasmhacht le raon feidhme an Rialacháin Tharmligthe sin.

(10) Sna ceanglais maidir le táirgí ilchodacha a leagtar síos in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, tagraítear d'fheoil phróiseáilte. Ós rud é nach ann do shainmhíniú ar 'fheoil phróiseáilte' i reachtaíocht an Aontais agus chun go mbeidh comhsheasmhacht ann le ceanglais eile a bhaineann le táirgí ilchodacha a leagtar síos sa Rialachán Tarmligthe sin, is iomchuí 'táirgí feola' a chur in ionad na bhfocal 'feoil phróiseáilte' in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292.

(11) Le hAirteagal 21(1), pointe (f), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 bunaítear maolú ar na ceanglais deimhniúcháin oifigiúla maidir le táirgí ilchodacha fadré ina bhfuil geilitín agus collaigin. Ba cheart Airteagal 21(1), pointe (f), den Rialachán Tarmligthe sin a leasú chun a shoiléiriú nach bhfuil feidhm ag an maolú sin i gcás ina ndíorthaítear an geilitín agus an chollaigin ó chnámha athchogantach ós rud é go bhfuil deimhniúchán oifigiúil ar gheilitín agus collaigin den sórt sin riachtanach i gcomhréir le hAirteagal 16 agus Caibidil C d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

(12) Le hAirteagal 21(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 bunaítear freisin maolú maidir le capsúil gheilitín ar na ceanglais deimhniúcháin oifigiúla i gcás nach ndíorthaítear capsúil gheilitín ó chnámha athchogantach. Ba cheart a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag an maolú sin ní hamháin maidir le capsúil fholmha a theacht isteach san Aontas ach freisin maidir le capsúil gheilitín líonta le táirgí de bhunadh ainmhíoch, gan dochar do na ceanglais deimhniúcháin a bhfuil feidhm acu maidir leis na táirgí de bhunadh ainmhíoch atá sna capsúil gheilitín líonta sin, nó nuair a thagann siad isteach san Aontas mar tháirgí ilchodacha. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a leasú dá réir sin.

(13) I gcás táirgí ilchodacha fadré inarb iad vitimín D3, breiseáin bhia, einsímí bia nó blastáin bhia an t-aon táirge ainmhí atá sa táirge ilchodach deiridh, is diomaibhseach an riosca a bhaineann leis na táirgí sin do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe. Ar an gcúis sin, tá na táirgí ilchodacha sin díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann faoi Airteagal 3(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 agus ó na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 20(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292. Táirgí ilchodacha fadré atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, meastar go mbaineann riosca íseal leo do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus bíonn siad faoi réir ceanglas maidir le fianú príobháideach. Maidir le táirgí ilchodacha fadré inarb iad vitimín D3, breiseáin bhia, einsímí bia nó blastáin bhia an t-aon táirge ainmhí atá sa táirge ilchodach deiridh, meastar gur diomaibhseach an riosca a bhaineann leis na táirgí sin do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe agus mar sin ba cheart na táirgí ilchodacha sin a dhíolmhú ón gceanglas fianú príobháideach a bheith ag gabháil leo tráth a chuirtear ar an margadh iad. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún ([9]) agus Airteagal 22(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a leasú dá réir sin.

(14) Tá nasc substainteach idir na rialacha maidir le táirgí ilchodacha fadré atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag na poist rialaithe teorann agus na rialacha maidir le rialuithe oifigiúla atá le déanamh ar tháirgí ilchodacha den sórt sin agus tá sé beartaithe na rialacha sin a chur i bhfeidhm i dteannta a chéile. Tá nasc idir na leasuithe ar Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 agus Airteagal 22(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a mhéid a bhaineann siad leis an díolmhú ón gceanglas ar na táirgí ilchodacha fadré inarb iad oibreáin feabhsaithe bia, is iad

([8]) Rialachán (EC) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí earraí áirithe atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, 19.4.2021, lch. 17).

sin vitimín D3, breiseáin bhia, einsímí bia nó blastáin bhia, an t-aon táirge ainmhí atá sa táirge ilchodach deiridh, agus le fianú príobháideach a bheith ag gabháil leo tráth a chuirtear ar an margadh iad, agus ó tharla an nasc sin a bheith ann agus ar mhaithe le simplíocht agus le trédhearcacht, chomh maith le cur i bhfeidhm na rialacha a éascú agus iolrú rialacha i ngníomhartha éagsúla a sheachaint, agus toisc gur cheart éifeacht a bheith ag an dá leasú an dáta céanna chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint, ba cheart iad a leagan síos in aon ghníomh amháin.

(15) I gcomhréir le hAirteagal 14, pointí (d) agus (e), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, ní cheanglaítear ar bhunaíochtaí a tháirgeann táirgí an-mhínphróiseáilte de bhunadh ainmhíoch nó capsúil gheilitín a bheith le feiceáil ar na liostaí dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán Tarmligthe sin. Ós rud é go gcruthaítear débhríocht le hAirteagal 14 i ndáil leis na ceanglais maidir leis na táirgí sin a theacht isteach san Aontas agus ar mhaithe le comhsheasmhacht le hAirteagal 13 den Rialachán Tarmligthe sin, níor cheart tagairt a dhéanamh in Airteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 do chapsúil gheilitín agus do tháirgí an-mhínphróiseáilte a shainaithnítear le cóid AC agus le ceannteidil CC nach dtagraítear dóibh in Airteagal 13 den Rialachán Tarmligthe sin. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 14, pointí (d) agus (e), den Rialachán Tarmligthe sin a cheartú.

(16) In Airteagal 21, bhí earráidí ann i liosta fho-cheannteidil an Chórais Chomhchuibhithe maidir le péacáin agus síolta atá beartaithe chun péacáin a tháirgeadh, liosta a leagtar síos i gCuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([10]). Tá na hearráidí sin substaintiúil toisc go sainaithnítear leo na péacáin agus na síolta atá beartaithe le haghaidh péacáin a bhfuil feidhm ag na coinníollacha maidir le teacht isteach san Aontas ina leith. Dá bhrí sin, ba cheart na fo-cheannteidil sin in Airteagal 21, pointe 1(c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a cheartú.

(17) Rinneadh earráid in uimhir Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 ón gCoimisiún ([11]) dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, Cuid II, Roinn C, pointe (2)(a). Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, is iomchuí é a cheartú.

(18) Ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do thríú tíortha an ceanglas nua a chomhlíonadh maidir le liostú bunaíochtaí atá údaraithe chun mil agus táirgí beachaireachta eile atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine a onnmhairiú chuig an Aontas, ar bunaíochtaí iad lena mbaineann na leasuithe a dhéantar ar Airteagal 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse don cheanglas sin.

(19) Ba cheart Rialacháin Tharmligthe (AE) 2022/2292 agus (AE) 2021/630 a leasú agus a cheartú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear na pointí (34a) agus (34b) seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (34):

'(34a) leis an bhfocal 'mil' tuigfear gur mil atá i gceist de réir bhrí Threoir 2001/110/CE ón gComhairle (*) lena n-áirítear maidir leis na príomhchineálacha meala;

(34b) ciallaíonn 'táirgí beachaireachta' mil, céir bheach, glóthach ríoga, gliú beach nó pailin, atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine;

(*) Treoir 2001/110/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2001 maidir le mil (IO L 10, 12.1.2002, lch. 47).';

([10]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

([11]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais shonracha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar úsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de atá údaraithe mar tháirgí íocshláinte tréidliachta nó mar bhreiseáin bheathaithe agus ar úsáid substaintí toirmiscthe nó neamhúdaraithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus ar úsáid iarmhar díobh (IO L 248, 26.9.2022, lch. 3).

(2) in Airteagal 5(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fleasc:

'— táirgí iascaigh ó ghabháil fhiáin, feithidí, froganna, cosa froganna, seilidí, reiptílí agus feoil reiptíle.';

(3) in Airteagal 13(1) cuirtear an pointe (c) seo a leanas leis:

'(c) mil agus táirgí beachaireachta eile dá bhfuil na ceannteidil CC seo a leanas leagtha síos i gCuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87: 0409, 0410, 1212, 1521 nó 1702.';

(4) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre tosaigh:

'Ní thiocfaidh coinsíneachtaí na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch seo a leanas isteach san Aontas ach amháin má rinneadh iad as amhábhair a fuarthas i seamlais, i mbunaíochtaí láimhseála géim, in ionaid spólta agus i mbunaíochtaí a láimhseálann táirgí iascaigh, agus iad le feiceáil ar liostaí de na bunaíochtaí a tarraingíodh suas agus a coimeádadh cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 127(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2017/625 nó a fuarthas sna Ballstáit:';

(5) leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre tosaigh:

'Ní thiocfaidh aon choinsíneacht de na hainmhithe agus na hearraí seo a leanas isteach san Aontas lena gcur ar an margadh ach amháin i gcás ina bhfuil deimhniú oifigiúil ag gabháil leis an gcoinsíneacht:';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) táirgí ilchodacha dá dtagraítear in Airteagal 20(2), pointí (a) agus (b) cé is moite de tháirgí ilchodacha fadré nach bhfuil táirgí feola iontu seachas

(i) geilitín nó collaigin nach ndíorthaítear ó chnámha athchogantach

(ii) táirgí an-mhínphróiseáilte mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn III, Roinn XVI de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ar táirgí iad atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Ní bheidh aon deimhniú oifigiúil riachtanach chun capsúil gheilitín a chumhdaítear le ceannteidil CC 3913, 3926 nó 9602 de Chuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 a thabhairt isteach san Aontas, ná le haghaidh capsúil gheilitín mar chuid de na táirgí de bhunadh ainmhíoch dá dtagraítear i bpointe 1(b) den Airteagal seo nó mar chuid de na táirgí ilchodacha dá dtagraítear in Airteagal 20(1) den Rialachán seo, i gcás nach ndíorthaítear na capsúil sin ó chnámha athchogantach.';

(6) in Airteagal 22(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) coinsíneachtaí na dtáirgí ilchodacha dá dtagraítear in Airteagal 20(2), pointe (b), i gcás nach bhfuil táirgí bunaithe ar ghruth buí ná táirgí feola sna táirgí ilchodacha seachas:

(i) geilitín nó collaigin nach ndíorthaítear ó chnámha athchogantach,

(ii) táirgí an-mhínphróiseáilte mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn III, Roinn XVI de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, ar táirgí iad atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine;';

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 22(2):

'2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, i gcás na dtáirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann i gcomhréir le hAirteagal 48, pointe (h), de Rialachán (AE) 2017/625, beidh an fianú príobháideach ag gabháil leis na táirgí ilchodacha tráth a chuirtear ar an margadh iad, cé is moite de na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 20(4) den Rialachán seo, táirgí nach gceanglaítear fianú príobháideach ina leith.'.

Airteagal 2

Ceartúcháin ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292

Ceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 mar a leanas:

(1) ceartaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) táirgeadh táirgí an-mhínphróiseáilte de bhunadh ainmhíoch dá dtagraítear le ceannteidil CC 2932 nó 3503 de Chuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.';

(b) scriostar pointe (e);

(2) in Airteagal 21(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) péacáin agus síolta atá beartaithe chun péacáin a tháirgeadh agus dá dtagraítear leis na fo-cheannteidil CC seo a leanas: 0704 90, 0706 90, 0708 10, 0708 20, 0708 90, 0713 10, 0713 33, 0713 34, 0713 35, 0713 39, 0713 40, 0713 50, 0713 60, 0713 90, 0910 99, 1201 10, 1201 90, 1207 50, 1207 99, 1209 10, 1209 21, 1209 91 nó 1214 90 de Chuid a Dó d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87;';

(3) in Iarscríbhinn I, Cuid II, Roinn C, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (2)(a):

'(a) pointe A.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644 maidir le substaintí i ngrúpa A dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1644;'.

Airteagal 3

Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630

In Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Tráth a chuirtear táirgí ilchodacha fadré dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), ar an margadh, beidh fianú príobháideach ag gabháil leo i gcomhréir leis an bhfianú caighdeánach a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún (*).

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseachtaí laistigh den Aontas, deimhniú oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1).'.

Airteagal 4

Foráil idirthréimhseach

Coinsíneachtaí meala agus táirgí beachaireachta eile atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, féadfaidh siad teacht isteach san Aontas ó bhunaíochtaí nach liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 go ceann tréimhse 12 mhí ó dháta foilsithe an Rialacháin seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN